**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1962 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12 Lúnasa 2021**

**lena gceartaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léirigh an fíorú earráidí in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ([2]) ón gCoimisiún, lenar leasaíodh an Iarscríbhinn sin, cuireadh roinnt substaintí leis i dTábla 3 de Chuid 3 de. Sna hiontrálacha a bhaineann leis na substaintí peinteaphotaisiam 2,2',2",2"',2""(eatán-1,2-dé-iolnitrilo) peinteaicéatáit, N-carbocsaimeitilaimínbis(eitiléintrilo)teitrea (aigéad aicéiteach) agus peinteasóidiam (carbocsalaitiol) aimínbis(eitiolintrilolo)teatraicéatáit, tá earráidí a bhaineann leis an bhfocal comhartha. Aicmítear na substaintí sin, *inter alia*, mar thocsain sain-spriocorgáin, ilnochtadh catagóir 2, agus ba cheart iad a lipéadú, dá bhrí sin, trí úsáid a bhaint as an bhfocal comhartha 'Rabhadh' (a chomhfhreagraíonn don chód don fhocal comhartha 'Wng') i gcomhréir le Tábla 3.9.5 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217, áfach, tugadh isteach, trí dhearmad, an cód don fhocal comhartha 'Dgr' (giorrúchán le haghaidh 'Contúirt') le haghaidh na substaintí sin. Ba cheart na hearráidí sin a cheartú.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a cheartú dá réir.

(3) Ós rud é go bhfuil feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ina bhfuil an botún i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2021, ba cheart feidhm a bheith ag ceartú na bhforálacha sin ón dáta sin.

(4) Ar an gcaoi chéanna, d'fhonn forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 a léiriú, ba cheart cead a bheith ag soláthróirí na ceartúcháin a dhéantar leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar shubstaintí agus ar mheascáin roimh dháta a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach.

(5) Níor cheart a cheangal ar sholáthróirí lipéid agus pacáistí substaintí agus meascán a athrú, ar lipéid agus pacáistí iad a cuireadh ar an margadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, chun costais neamhriachtanacha a sheachaint. Ós rud é go gcomhfhreagraíonn an cód don fhocal comhartha earráideach d'aicme ghuaise níos déine, fiú má choinnítear an focal comhartha comhfhreagrach ar an lipéad, ní laghdaítear an leibhéal cosanta do shláinte an duine,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An cód don fhocal comhartha "Dgr" sa seachtú colún "Picteagram, Cód/Cóid don Fhocal Comhartha" de Thábla 3 i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann le peinteapotaisiam 2,2',2",2"',2""(eatán-1,2-déiltríló) peinteaicéatáit, N-carbocsaimeitiolaimínbis(eitiolintrilolo)teitrea (aigéad aicéiteach) agus peinteasóidiam (carbocsalaitiol)aimínbis(eitiolintrilolo)traicéatáit, cuirtear an cód don fhocal comhartha "Wng" ina ionad.

([1]) IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear, chun críocha a oiriúnaithe do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 44, 18.2.2020, lch. 1).

*Airteagal 2*

Ní bheidh sé de cheangal ar sholáthróirí lipéad nó pacáistiú substaintí nó meascán ina bhfuil siad a athrú, mar a léirítear in Airteagal 1, substaintí nó meascáin atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 roimh an 15 Samhain 2021.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

De mhaolú ar an dara mír den Airteagal seo, féadfar na substaintí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo agus na substaintí agus meascáin ina bhfuil siad a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú, roimh an 1 Deireadh Fómhair 2021, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 arna cheartú leis an Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN